

## An Dearbhú ó Iontaobhaí Carthanais a bheidh ag gabháil le hlarratas ar Chlárú faoi alt 39 den Acht Carthanas 2009 a bhfuil feidhm ag alt 39(6) maidir leis\*

**Treoracha:** Iontráil ainm iomlán d’eagraíochta ar an líne poncanna agus léigh agus sínigh an dearbhú. Ní mór do gach iontaobhaí carthanais foirm aonair a shíniú agus ní mór an fhoirm a scanadh agus í a uaslódáil mar chomhad pdf ansin in éineacht leis an iarratas ar líne.

### Ainm na hEagraíochta, mar atá luaite ina doiciméad rialaithe:

Dearbhaím:

1. go bhfuil an t-iarratas seo ar chlárú á dhéanamh ag iontaobhaithe carthanais na heagraíochta thuasluaite de réir alt 39(3) den Acht Carthanas 2009;
2. go bhfuilim ar an eolas faoi na dualgais agus na freagrachtaí atá ar iontaobhaí carthanais faoin Acht Carthanas 2009 agus go ngabhaim orm féin na dualgais agus na freagrachtaí sin a chomhlíonadh agus gníomhú i gcomhréir le doiciméad rialaithe, beartais agus nósanna imeachta na heagraíochta thuasluaite;
3. go bhfuil cistí na heagraíochta thuasluaite nó, a luaithe a chláraítear mar charthanas í, go mbeidh cistí na heagraíochta thuasluaite á sealbhú i gcuntas ina hainm féin amháin;
4. go sásaíonn an eagraíocht thuasluaite na critéir uile le haghaidh cáiliú don phróiseas clárúcháin shimplithe faoi alt 39(6) den Acht Carthanas 2009 agus go ngabhaim orm féin fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanas faoi aon athruithe ar an eagraíocht thuasluaite, ar dá mbarr a d’fhéadfadh go ndícháileofaí an eagraíocht ón bpróiseas clárúcháin shimplithe. Tuigim freisin go bhféadfaidh an Rialálaí Carthanas faisnéis bhreise a iarraidh faoin eagraíocht thuasluaite am ar bith;
5. nach bhfuilim dícháilithe óna bheith i m’iontaobhaí carthanais faoi alt 55 den Acht Carthanas 2009. Má tharlaíonn sé go ndícháileofar mé sula ndéanfaidh an Rialálaí Carthanas cinneadh ar an iarratas ar chlárú, táim ar an eolas faoi na hiarmhairtí a bheidh aige sin don iarratas faoi alt 39(13) den Acht Carthanas 2009;
6. go dtuigim agus go gcomhaontaím go bhféadfaidh an Rialálaí Carthanas aon fhaisnéis phearsanta atá tugtha agam a úsáid chun críocha a fheidhmeanna faoin Acht Carthanas 2009 a chomhlíonadh agus de réir a Bheartais um Chosaint Sonraí. Glacaim leis, i gcás gurb ionann mo shonraí teagmhála agus mo sheoladh agus sonraí teagmhála agus seoladh na heagraíochta, go mbeidh siad sin le feiceáil ar an gClár Carthanas poiblí;
7. go ndearna mé breithniú ar an iarratas seo agus gur chomhaontaigh mé leis. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas seo fíor agus cruinn de réir mar is fearr is eol dom. Léigh mé agus tuigim alt 39(15) den Acht Carthanas 2009, ina luaitear:  
*“Aon duine, i gcomhlíonadh airbheartaithe an ailt seo, a thugann don Údarás go feasach nó go meargánta faisnéis nó sonra atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, nó a chreideann i ndáil le haon fhaisnéis nó sonra den sórt sin an tráth a thugann sé í nó é i gcomhlíonadh airbheartaithe an fho-ailt sin nach bhfuil sí nó sé fíor, beidh an duine sin ciontach i gcion”.*

Síniú	Priontáil d’Ainm	Dáta

\* Féadfaidh an Rialálaí Carthanas, faoi alt 39(6) den Acht Carthanas 2009, iarratasóir ar chlárú a dhíolmhú ó cibé ceanglais atá leagtha amach in alt 39(5), de réir mar is cuí leis. Tá an Rialálaí Carthanas den tuairim go mbeadh sé ró-dhochraideach ar eagraíochtaí áirithe, a meastar gur eagraíochtaí beaga iad toisc go sásaíonn siad critéir áirithe, ceanglais áirithe faoi alt 39(5) a chomhlíonadh. Eagraíochtaí a shásaíonn na critéir iomchuí, is féidir go gcáileoidh siad don “Phróiseas Iarratais Shimplithe do Charthanais Bheaga” atá ar bun ag an Rialálaí Carthanas.